Polasaí Frith- Thromaíochta

Gaelscoil Bhun Cranncha

Intreoir

De réir cheanglais an Achta Oideachais (Leas) 2000, na treoirlínte atá forbartha ag Seirbhísí Leasa Oideachais TUSLA de chuid na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach agus na treoirlínte cód iompair atá eisithe ag an BNLO, tá Bord Bainistíochta Ghaelscoil Bhun Cranncha ag glacadh leis an mbeartas frithbhulaíochta seo a leanas laistigh de chreat cód iompair iomlán na scoile. Cloíonn an polasaí seo go hiomlán le riachtanais na Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna.

Aithníonn an Bord Bainistíochta nádúr an-tromchúiseach na bulaíochta agus an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith aici ar shaol na ndaltaí agus mar sin tá sé tiomanta go hiomlán do na heochairphrionsabail is fearr a leanas maidir le hiompar bulaíochta a chosc agus dul i ngleic leis trí na céimeanna seo a leanas a leanúint:

Cultúr agus aeráid dhearfach scoile a chruthú:

- fáiltíonn sé roimh dhifríocht agus éagsúlacht agus go bhfuil sé bunaithe ar uilechuimsitheacht;
- a spreagann daltaí chun teagmhais iompraíochta bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamh-bhagrach;
- cothaíonn caidreamh measúil trasna phobal na scoile
    a. Ceannaireacht éifeachtach a chur chun cinn
    b. Cur chuige scoile uile a ghlacadh
    c. Tuiscint a roinnt ar cad is bulaíocht ann agus ar a tionchar
    d. Straitéisí oideachais agus coiscthe a chur i bhfeidhm (lena n-áirítear bearta ardaithe feasachta) a chothaíonn ionbhá, meas agus athléimneacht i ndaltaí agus a thugann aghaidh go sainráite ar shaincheisteanna na cibearbhulaíocht agus an bhulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht, lena n-áirítear go háirithe, bulaíocht homafóbach agus trasfóbach. Déileáiltear le ceisteanna mar bhulaíocht homafóbach agus trasfóbach go híogair de réir mar a thagann siad chun cinn.
    e. Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar dhaltaí
    f. Tacaíocht a thabhairt don fhoireann agus tacaíochtaí a chur ar fáil don fhoireann

g. Taifeadadh comhsheasmhach, imscrúdú agus obair leantach ar iompar bulaíochta trí úsáid a bhaint as cleachtais bhunaithe agus doiciméadaithe

h. Measúnú leanúnach ar éifeachtacht an bheartais frithbhulaíochta.

Maoirseacht agus Monatóireacht ar Dhaltaí

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil beartais agus Cleachtais oiriúnacha maoirseachta agus monatóireachta i bhfeidhm chun iompar bulaíochta a chosc agus chun déileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú nuair is féidir.

Ciapadh a Chosc

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go ndéanfaidh an scoil, de réir a cuid dualgas faoin reachtaíocht comhionannais, gach beart atá indéanta le réasún chun gnéaschiapadh daltaí nó foirne nó ciapadh daltaí nó foirne a chosc ar aon cheann de na naoi bhforas a shonraítear. i.e. inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus ballraíocht den Lucht Siúil.

Céard é bulaíocht?

De réir na Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna, seo é an sainmhíniú ar bhulaíocht :

"Is éard is bulaíocht ann ná iompar diúltach nach dteastaíonn, ó bhéal, go síceolaíoch nó go fisiciúil a dhéanann duine aonair nó grúpa i gcoinne duine (nó daoine) eile agus a dhéantar arís agus arís eile le himeacht ama."

Tá na cineálacha iompair bulaíochta seo a leanas san áireamh sa sainmhíniú ar bhulaíocht:

- ionsaí fisiceach
- imeaglú
- eisiamh/aonrú agus iompraíochtaí caidrimh eile
- cúlchaint mailíseach agus iompraíochtaí caidrimh eile
- glaoch ainmneacha
- damáiste do mhaoin
- cibearbhulaíocht
- sracadh

- bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht mar bhulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht an duine den Lucht Siúil agus bulaíocht orthu siúd atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Féach Aguisín 1 le do thoil le haghaidh liosta neamh-uileghabhálach de shamplaí d'iompar bulaíochta.

Ní chuimsíonn an sainmhíniú seo ar thromaíocht teagmhais aonraithe nó teagmhais aon uaire d'iompar diúltach d'aon turas, lena n-áirítear téacsteachtaireacht mhaslach nó goilliúnach aon uaire nó teachtaireachtaí príobháideacha eile agus ba cheart déileáil leo, mar is cuí, de réir chód iompair na scoile.

Ach, i bhfianaise an bheartais seo, féachfar ar theachtaireacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar shuíomh Gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar thromaíochta.

Iompar diúltach nach n-áirítear sa sainmhíniú seo ar thromaíocht, déileálfar leis de réir chód iompair na scoile.

Tionchair iompar bulaíochta

D'fhéadfadh go n-aireoidh daltaí a bhfuil bulaíocht á déanamh orthu mothúcháin neamhshlándála, náirithe agus an-imní agus d'fhéadfaidís éirí níos leochailí dá bharr. D'fhéadfaí dochar a dhéanamh don fhéinmhuinín agus ísliú dá réir ar fhéinmheas. Cé go mb'fhéidir nach labhróidh siad faoina bhfuil ag tarlú dóibh, léirítear a bhfulaingt trí athruithe ar ghiúmar agus iompar. Tá an baol ann i gcónaí, go mbeartóidh páiste fulaingt na bulaíochta a réiteach, go tragóideach, tríd an bhféinmharú. Mar sin, caithfimid a bheith airdeallach i gcónaí an fhulaingt sin a sheachaint/stopadh. Aithnítear freisin go mbíonn idirghabháil luath éifeachtach sna cásanna seo.

Táscairí a thabharfadh le tuiscint go bhfuil bulaíocht á déanamh ar dhalta

Táscairí fisiciúla	➢ Brúite gan mhíniú, gearrthacha etc. ➢ Cailliúint/dochar do mhaoin phearsanta ➢ Ocras nó tart ➢ Breoiteachtaí beaga go minic, tinneas cinn, bolg ➢ Fliuchadh leapa ➢ Cailliúint appetite ➢ Iompar murtallach, cuma fhisiciúil, meáchan ➢ Ag stadaireacht ➢ Iarratais ar airgead breise
Táscairí Mothúchánacha / Síceolaíocha	➢ Leanbh dea-mhúinte go tobann trioblóideach ➢ Ráigeanna feirge, meon, greannaitheachta sa bhaile ➢ Bulaíocht ar dheartháir agus ar dheirfiúracha, ar thuismitheoirí

Táscairí dúlagar	➢ Athruithe i: giúmar, goile, patrún codlata ➢ Tuirse, faillí cuma ➢ Léiriú brón, gan fiúntas ➢ Nightmares, ag caoineadh san oíche ➢ Iompar gan staonadh, contúirteach, fiáin, suaiteach ➢ Ciníochas, giúmar dubh ➢ Bagairtí intuigthe nó follasach féinmharaithe
Táscairí bainteach leis an scoil	➢ Drogall dul ar scoil, ag iarraidh a bheith in éineacht ➢ Ag filleadh ar an drochfhoirm ➢ Bealach a athrú ➢ Laethanta/ceachtanna áirithe a sheachaint ➢ Neirbhís sa rang ➢ Fadhbanna poncúlachta ➢ Tiúchan lag ➢ Meath ar obair scoile ➢ Léirithe gan dóchas ➢ Níos lú glaonna gutháin, cairde ag glaoch, cuirí ➢ Leisce a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí ➢ Glaonna gutháin maslacha, téacsanna, ríomhphost

Cá dtarlaíonn bulaíocht?

Is féidir le bulaíocht tarlú áit ar bith ag am ar bith ach tá amanna agus áiteanna áirithe ann a éascaíonn go háirithe an bhulaíocht.

- **Cibearbhulaíocht:** Ciallaíonn rochtain ar theicneolaíocht gur féidir le cibearbhulaíocht tarlú aon uair agus seans nach fiú teach an dalta a bheith ina áit shábháilte ón mbulaíocht sin. Cé gur minic a tharlaíonn an chibearbhulaíocht sa bhaile agus san oíche, is féidir an tionchar a bhraith ar scoil freisin.

- **Réimsí gníomhaíochta neamhstruchtúrtha:** Tarlaíonn bulaíocht i scoileanna go minic sa chlós súgartha/chlós na scoile. D'fhéadfadh leithris, conairí, seomraí cótaí, bogadh ó sheomra ranga go clós na scoile, an seomra aclaíochta agus an halla tionóil a bheith ina láthair ina ndéantar bulaíocht ó bhéal, go síceolaíoch agus go fisiciúil. Is gá monatóireacht chúramach a dhéanamh ar iompar na ndaltaí sna ceantair sin.

- **Bulaíocht sa seomra ranga:** Is féidir bulaíocht a dhéanamh sa rang freisin. Is féidir go dtarlóidh sé go réidh trí shracfhéachaint, chuma, thuairimí glice agus 'sniggers' ach d'fhéadfadh imeaglú fisiceach a bheith i bhfoirm níos soiléire.

- **Teacht chun na scoile agus uaithi:** Is minic go mbíonn bulaíocht ar siúl sa cheantar díreach lasmuigh den scoil, sna siopaí áitiúla agus sa chomharsanacht. Is féidir le bulaíocht tarlú

freisin ag an stad bus nó ar an turas chun na scoile agus ón scoil cibé an bhfuil na daoine aonair ag siúl, ag rothaíocht nó ar bhusanna scoile.

Oideachas agus stráitéisí frithbhulaíochta

- Trí chlár OSPS na scoile, foghlaimíonn páistí faoi chearta daonna, féinmheas, muinín, treisíonn siad an difríocht idir an ceart agus an mícheart agus ceiliúrann siad difríochtaí pearsanta.
- Nuair a bhíonn riachtanais speisialta ag leanbh, díreofar aird ar leith ar a gcumas freagairt go cuí d'iompar bulaíochta agus a gcuimsiú a chur chun cinn i ngach gné de shaol na scoile agus déanfar é seo a dhoiciméadú ina bpróifíl agus ina IEP (Plean Oideachais Aonair) nuair is cuí.
- Múinfear an Clár Bí Sábháilte agus Misneach ó na Naíonáin Shóisearacha go Rang a Sé agus tá ceachtanna ann atá dírithe go sonrach ar bhulaíocht ag gach leibhéal ranga a chothaíonn féinmheas agus athléimneacht.
- Cuirfear an polasaí frithbhulaíochta nuashonraithe seo in iúl do thuismitheoirí agus leanaí. Spreagfar agus cuideofar leis na páistí gan diúltú d'iompar bulaíochta agus chun eispéiris bulaíochta a thuairisciú.
- Beidh Seachtain Cairdis/Frithbhulaíochta ar siúl i Mí na Samhna. Beidh an téama bunaithe ar phacáiste An Fheidhmeannach Sláinte ar Frith-thromaiocht na bliana.
- Beidh Coiste Cinéaltas na Scoile ag reachtáil imeachtaí ar leith i rith an scoilbhliana chun béim a chur ar Chairdeas agus ar dhea iompar sa scoil.
- Beidh ceachtanna OSPS i Rang 5 & 6 (i ndiaidh an chláir Webwise) ag múineadh do na páistí faoi bheith sábháilte ar an idirlíon. Múinfear do na páistí conas iad féin a iompar i gceart ar líne ar bhealach a choinníonn iad féin agus daoine eile sábháilte.
- Maoirseacht agus monatóireacht ar sheomraí ranga, dhorchlaí, thailte scoile, thurais scoile agus ghníomhaíochtaí seach-churaclaim. Spreagfar baill foirne neamhtheagaisc agus choimhdeacha a bheith airdeallach agus saincheisteanna a thuairisciú do mhúinteoirí ábhartha. Bainfidh an mhaoirseacht freisin le monatóireacht a dhéanamh ar úsáid na teicneolaíochta cumarsáide ag daltaí laistigh den scoil.
- Spreagfar Forbairt Ghairmiúil Leanúnach don fhoireann maidir le cláir a sheachadadh i réimse na frithbhulaíochta/na cibearbhulaíochta.
- Spreagfar múinteoirí agus páistí chun "Ollphéist Imní" nó "Bosca Buairimh" a úsáid ina seomra ranga; féadfaidh múinteoirí rogha a dhéanamh córas cairde a chur i bhfeidhm sa rang agus/nó sa chlós.
- Déanfar Suirbhé Ranga uair sa bhliain (le linn seachtain frith-tromaíochta) ar a laghad chun aon phatrúin iompraíochta bulaíochta a aimsiú ó Théarma 2 i Rang a Dó go deireadh rang a Sé.

- Cláir OSPS an Gharda Síochána a sheachadadh ar leibhéal bunscoile. Pléann na ceachtanna seo, a thugann Gardaí Pobail, ceisteanna a bhaineann le sábháilteacht phearsanta agus cibearbhulaíocht.

- Tacaíocht ar fáil ó NEPS

- Rochtain na bpáistí ar áiseanna teicneolaíochta a choinneáil faoi smacht, faoi fhéitheoireacht agus an pásfhocal leathanbhanda a choinneáil faoi rún.

- Cuirfidh an scoil i bhfeidhm an chomhairle atá le fáil in "Sexual Orientation advice for schools" (RSE Bunscoile, féach leabhrán).

Seachtain Idirnáisiúnta Frith-Thromaíochta

Is mír lárnach de chlár teagaisc na scoile ar thromaíocht í an phacáiste bhliantúil a éisíonn Feidhmeannach Shláinte Dhún na nGall le linn Seachtain Frith-Thromaíochta Idirnáisiúnta.

Ar Ghaelscoil Bhun Cranncha le linn na seachtaine seo:

- Déantar athbhreithniú ar an pholasaí frith-thromaíochta
- Déantar ceacht foirmeálta ar thromaíocht a theagasc achan lá in achan rang
- Léitear scéal ranga ó réimse ábhar molta, ar an topaic achan lá.
- Síníonn páistí agus tuismitheoirí an conradh frith – thromaíochta (cóip iniata)
- Ardaítear próifíl na tromaíochta ag leibhéal scoile le tionscadal ealaíne/scríbhneoireachta/ceoil a dhéanamh sna ranganna uilig agus na torthaí a chur ar taispeáint in ait lárnach.
- Scaipfear céistneoir tromaíochta ar na daltaí agus tuismitheoirí achan dara bhliain ag deireadh Seachtain Frith-Thromaíochta chun éifeacht obair na seachtaine a mheas.
- Scaiptear eolas ar shuíomhanna idirlíne tacaíochta, aoi-chainteoirí tromaíochta chomh maith le bileoga eolais a sheoladh go tuismitheoirí.
- Díríonn aoichainteoir isteach ar fhrith-thromaíocht/shábháilteacht idirlín ag labhairt le tuismitheoirí, foireann agus daltaí achan dara bhliain.
- Baintear úsáid as ábhar Webwise ar scoil agus moltar é do na tuismitheoirí.
- Friends for Life i Rang 3 nuair atá múinteoir le traenáil ar fáil.
- Déantar daingniú ar na téamaí agus straitéisí atá mar bhunchloch de Sheachtain Frith- Thromaíochta, go minic le linn na bliana scoile de réir má's gá.

Ag fiosrú iompair bhulaíochta

Is í an phríomhaidhm a bheidh ag an mhúinteoir ábharthach agus tromaíocht a imscrúdú aici/aige ná aghaidh a thabhairt ar aon cheist is gá a réiteach agus an gaol idir na pairtithe a fheabhsú chomh fada agus is féidir, seachas locht a chur. Déanfar gach iarracht le cinntiú go dtuigeann na páirtithe uilig (daltaí, tuismitheoirí agus caomhnóirí) seo ón chéad dul síos.

- Is féidir le haon dalta, nó tuismitheoir/caomhnóir, teagmhas tromaíochta a chur faoi bhráid aon mhúinteoir sa scoil.

- Déanfar gach tuairisc tromaíochta, fiú tuairisc gan ainm, a fhiosrú agus déileáil leis ag an mhúinteoir ábharthach.

- Ní mór don fhoireann teagaisc agus neamhtheagaisc – rúnaithe, cuiditheoirí speisialta, cuiditheoirí bus agus daoine ar thaithí oibre sa scoil - a spreagadh chun aon teagmhas d'iompar thromaíochta a thuairisciú don mhúinteoir ábharthach.

Teagmhais Thromaíochta a Fhiosrú agus a Láimhseáil

- Agus imscrúdu ar thromaíocht á dhéanamh nó ag déileáil le tromaíocht, úsáidfidh an múinteoir a breithiúnas gairmiúil chun a chinneadh an bhfuil tromaíocht i gceist agus cén dóigh is fearr le tabhairt faoi.

- Ní mór do thuismitheoirí agus do dhaltaí comhoibriú le haon fhiosrú agus cuidiú leis an scoil aon cheist thromaíochta a réiteach agus an caidreamh a bhíodh idir na páirtithe a fheabhsú an oiread agus is féidir.

- Glacfaidh na múinteoirí cur chuige neamh-mhothúlach, neodrach agus réiteach faidhbe is iad ag gníomhú ar thuairiscí líomhaintí tromaíochtaí.

- Tá réimse uirlisí ar fáil don mhúinteoir ábharthach chun an t-iompar tromaíochta a fhiosrú. Ina measc tá seicliostaí, ceistneóirí, breathnóireacht agus sochgraim. Féach Agúisíní B, C, D agus F (Ábhar Tacaíochta Friththromaíochta PDST)

- I gcásanna agallaimh faoi líomhaintí tromchúiseacha, déanfar líomhaintí tromaíochta a fhiosrú taobh amuigh den seomra ranga chun náire na bpáistí a sheachaint. D'fhéadfadh cara a bheith in éineacht le páiste aonarach agus ball foirne in éineacht leis an mhúinteoir/phríomhoide. Tá an cara ann chun tacaíocht mhorálta a thabhairt agus níl aon ról gníomhach eile acu. Is féidir an duine fásta neodrach a bheith ina scríobhaí.

- Beidh na hagallaimh uilig stiúrtha go goilliúnach, go discréideach. Tabharfar tús áite do chearta na bpáistí/mbaill foirne.

- Is múinteoirí ag fiosrú tuairisc tromaíochta, lorgóidh siad freagraí ar na ceisteanna Cé? Cad? Cá huair? Cá háit? Ní úsáidfidh siad ceisteanna 'cén fáth?' mar go gcuireann a leithéid de cheist in iúl go bhfuil cúiseanna áirithe inghlactha. Ba cheart na ceisteanna sin a chur go ciúin suaimhneach, chun sampla a thabhairt den bhealach le déileáil le coimhlint go héifeachtach neamhionsaitheach.

- Má bhíonn grúpa i gceist, ba cheart agallamh a chur ar gach duine sa ghrúpa go haonarach ar dtús. Ba cheart ansin labhairt leis an ghrúpa ar fad le chéile. Ag an chruinniú grúpa, ba cheart a iarraidh ar gach ball, cuntas a thabhairt ar an mhéid a chonaic sé/sí le bheith cinnte go gcloiseann an grúpa uilig cuntaisí a chéile.

- Ba cheart tacú le gach ball sa ghrúpa i bhfianaise na mbrúnna a d'fhéadfadh baill eile sa ghrúpa a chur orthu tar éis agallaimh leis an mhúinteoir.

- Coinneoidh múinteoirí atá ag fiosrú líomhaintí tromaíochta taifead scríofa den phlé a

dhéanann siad. D'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach freisin a iarraidh orthu siúd a bhí i gceist cuntas a scríobh ar ar tharla.

- Má chinnítear gur ghlac páiste/í páirt in iompar tromaíochta, cuirfear fios ar thuismitheoirí na bpáirtithe chomh luath agus is féidir chun iad a chur ar an eolas faoin scéal agus chun na céimeanna a ghlacfar a mhíniú dóibh (i gcomhthéacs an pholasaí scoile).

- Má chinnítear gur ghlac páiste páirt in iompar tromaíochta, déanfar soiléir dó/di gur briseadh Cód Smachta na Scoile é. Cuirfear béim mhór ar ionbhá a chothú don íospartach.

- Ní mór é a bheith soiléir do gach duine atá bainte leis (daltaí agus tuismitheoirí) in aon chás ina mbíonn gá le smachtú, gur ceist phríobháideach í idir an dalta atá á smachtú, a t(h)uismitheoirí agus an scoil.

- Tá sé phríomh-mhodh idirghabhála atá úsáideach chun plé le hiompar tromaíochta

  - An Modh Smachta Traidisiúnta
  - An tIospartach a Laidriú
  - Idirghabhálachas
  - Cleachtas Aisiríoch
  - Modh an Ghrúpa Tacaíochta
  - Modh an Chúraim Chomhroinnte.

- Ní mór nadúr na gcásanna agus an leibhéal oiliúna agus scile a bhíonn ag múinteoir a mheas roimh mhodh, nó meascán modhanna a roghnú. Sin ráite, de bhrí gur chuir an fhoireann scoile aithne ar leith ar an Chleachtas Aisiríoch trí fhreastal ar shraith ceardlann CPD, i nGaelscoil Bhun Cranncha tugtar tús áite don chur chuige seo.

Ag taifead iompar bulaíochta

Tá sé riachtanach go ndéanfar taifead ar theagmhais thromaíochta ar bhealach atá neodrach agus fíorasach. I nGaelscoil Bhun Cranncha, tá fillteán ar leith ag gach múinteoir ranga a leanann gach rang tríd an scoil ag dul ó mhúinteoir ranga go dtí an chéad mhúinteoir ranga eile. Coinnítear gach trácht, tuairisc, liomháint tromaíochta a fhoghlaimíonn an múinteoir ranga, mar mhúinteoir ábharthach, ó fhoinsí difriúla. Coinnítear sonraí den phróiseas fiosrúcháin agus na torthaí den phróiseas sin san fhillteán seo. Cuidíonn seo chun monatóireacht fadtéarmach a dhéanamh más gá.

Seo a leanas na nósanna imeachta atá ag Gaelscoil Bhun Cranncha chun iompar tromaíochta a thaifeadadh:

Neamhfhoirmiúil – Réamhdhearbhú neamhfhoirmiúil gur tharla bulaíocht

- Ní mór do gach ball foirne cuntas i scríbhinn a choinneáil d'eachtraí a fheiceann siad nó a chuirtear in iúl dóibh. Ní mór gach eachtra a thuairisciú don mhúinteoir ábharthach.
- Ní mór don mhúinteoir ábharthach gach tuairisc, lena n-áirítear tuairiscí gan ainm, de thromaíocht a fhiosrú agus a láimhseáil agus ní mór don mhúinteoir ábharthach cuntas i scríbhinn a choinneáil ar na tuairiscí, ar na gníomhartha a glacadh agus ar aon phlé a rinneadh leis na rannpháirtithe.
- Ní mór don mhúinteoir ábhartha gach eachtra atáthar á fhiosrú a chur in iúl don phríomhoide.

Foirmeálta -Céim 1. Deimhniú gur tharla tromaíocht

- Má ghlacann an múinteoir ábharthach leis go ndearnadh tromaíocht, ní mór dí/dó tuairiscí scríofa a choinneáil a bheidh mar chuidiú chun na deacrachtaí a réiteach agus chomh fada agus is féidir, tuiscint agus meas idir na páirtithe a chothú arís. Coinneoidh an múinteoir an taifead seo san fhillteán ábhar tromaíochta.

Foirmeálta -Céim 2.

- Nuair a dhéimhníonn an múinteoir ábharthach gur tromaíocht a bhí ann, ní mór dó/di an teimpléad scoile Aguisín 3, atá ar fáil ar Aladdin, a úsáid chun an iompraíocht thromaíochta a thaifeadadh.
- Nuair a bhaintear úsáid as an teimpléad cuntais, ní mór don mhúinteoir ábhartha é a choinneáil agus ní mór don phríomhoide cóip de a choinneáil.

Tromaíocht á thaifeadadh ag leibhéal Bord Bainistíochta

Ag gach cruinniú BB cuirfidh an príomhoide tuairisc ar fáil don bhord ag leagan amach:

- Líon na gcásanna bulaíochta a tuairiscíodh don Phríomhoide nó don Phríomhoide Tánaisteach ón tuairisc roimhe seo.
- Deimhniú go bhfuil nó go bhfuiltear ag déileáil leis na cásanna seo de réir pholasaí agus nósanna imeachta frithbhulaíochta na scoile.

Tacaíochtaí agus Smachtbhannaí

Seo a leanas clár tacaíochta na scoile chun oibriú le daltaí a bhfuil tionchar ag an mbulaíocht orthu:

- Plé ar na heachtraí leis na híospartaigh, iad a chur ar a suaimhneas go raibh an ceart acu aird na foirne a chur ar na himeachtaí, nach raibh siad ag insint scéalta agus go gcabhróidh a ngníomhartha le daoine eile. Meabhrófar dóibh gur chóir dóibh a insint arís má bhíonn aon imní nua orthu.
- Seiceálfaidh an múinteoir(í) atá i gceist agus an príomhoide leis an bpáiste ó am go chéile go bhfuil gach rud ceart go leor.
- Beidh dlúthchumarsáid idir baile an linbh agus an scoil mar chuid ríthábhachtach de théarnamh an linbh ón mbulaíocht. Déanfaidh na hoidí ranga teagmháil rialta le tuismitheoirí an pháiste chun a chinntiú nach bhfuil fadhbanna fós ann.
- Teastaíonn tacaíocht chomh maith agus dlúthchumarsáid idir an scoil agus an baile ó leanaí atá gafa le hiompar bulaíochta.
- Oibreoidh múinteoirí ranga na bpáistí a rinne an t-iompar bulaíochta agus na n-íospartach líomhnaithe chun féinmheas na bpáistí a atógáil i ngrúpaí beaga agus i suíomhanna ranga iomláin. Déanfar tuilleadh oibre ar chairdeas, scileanna sóisialta agus forbairt athléimneachta.

- Bunófar córas cairde má mheastar go bhfuil gá leis.
- Déanfaidh an scoil a dícheall dul i dteagmháil leis na gníomhaireachtaí cuí do dhaltaí a dteastaíonn comhairleoireacht uathu le haghaidh tuilleadh tacaíochta.

Mar a míníodh cheanna, is í an phríomhaidhm le himscrúdú agus déileáil le bulaíocht ná aon cheisteanna a réiteach agus, chomh fada agus is indéanta, caidrimh na bpáirtithe lena mbaineann a fheabhsú seachas an milleán a chionroinnt. Mar sin, tabharfar deis do na leanaí atá páirteach san iompar bulaíochta agus/nó atá á dhéanamh acu a n-iompar a mhíniú i dtimpeallacht rúnda. Spreagfar na daltaí le bheith oscailte macánta agus leagfaidh an fhoireann béim ar na luachanna seo, ag tabhairt athmhuintearais agus spreagtha do dhaltaí a admhaíonn go bhfuil siad páirteach in iompar bulaíochta. Gabhfar buíochas le daltaí as a gcomhoibriú agus a macántacht agus cuirfear in iúl dóibh nach bhfuil sé inghlactha gabháil d'iompar bulaíochta i nGaelscoil Bhun Cranncha, mar sin de beidh smachtbhanna ag teastáil. Leanfaidh smachtbhannaí na cinn a leagtar amach i gCód Iompraíochta na scoile agus d'fhéadfadh siad seo a leanas a bheith san áireamh freisin:

- Seolta chuig an príomhoide – litir abhaile chuig tuismitheoirí.
- Seolta chuig an príomhoide – cruinniú foirmiúil le tuismitheoirí.
- Breithniú ar smachtbhannaí níos tromchúisí lena n-áirítear fionraí/díbirt.

I gcás ar bith ina bhfuil gá le smachtbhannaí araíonachta agus a eisítear ar dhaltaí, is ábhar príobháideach go hiomlán é seo idir na daltaí sin, a dteaghlaigh agus an fhoireann scoile ábhartha.

Leanúint suas

- I gcásanna gur dóigh leis an mhúinteoir ábhartha nár déileáladh go cuí ná go leordhóthanach leis an iompraíocht bulaíochta laistigh de 20 lá scoile tar éis dó/di a chinneadh gur tharla iompraíocht bulaíochta, caithfear taifead a dhéanamh faoi ar an teimpléid cuí in Aguisín 3/4.
- Ag déanamh cinneadh faoi an bhfuil cás bulaíochta deileáilte leis i gceart agus réitithe/tugtha faoi go cuí le tacaíocht ó fhianaise an Breathnóireacht 14 Lá, tógfaidh sé/sí na rudaí seo a leanas san áireamh:
    - An bhfuil deireadh leis an iompar bulaíochta?
    - Ar réitíodh aon cheist idir na páirtithe chomh fada agus is féidir?
    - An bhfuil na caidrimh idir na páirtithe tar éis feabhsú chomh fada agus is féidir?
    - Aon aiseolas a fuarthas ó na páirtithe a bhí i gceist, óna dtuismitheoirí/gcaomhnóirí nó ó Phríomhoide/Phríomhoide Tanáisteach na scoile.

- Ba chóir cruinnithe leantacha leis na páirtithe ábhartha a eagrú ar leithligh d'fhonn iad a thabhairt le chéile níos déanaí má bhíonn an dalta a ndearnadh bulaíocht air/uirthi réidh agus sásta.

Bulaíocht i measc Daoine Fásta

- I gcás na bulaíochta laistigh den fhoireann, glacfaidh Gaelscoil Bhun Cranncha leis na nósanna imeachta atá leagtha amach i Roinn C (c2) de leabhrán Chumann Múinteoirí Éireann: 'Ag Obair le Chéile: Nósanna Imeachta agus Beartais um Chaidreamh Dearfach Foirne'.

- I gcás Bulaíocht Múinteora – Leanaí, ba chóir tús a chur le gearán faoi pholasaí Gearáin in aghaidh Múinteoirí na scoile.

- I gcás bulaíochta Tuismitheoir – Múinteoirí, ba chóir an Príomhoide a chur ar an eolas ar an gcéad dul síos, agus más gá é a chur in iúl don Bhord Bainistíochta i scríbhinn ina dhiaidh sin.

- I gcás bulaíocht an Phríomhoide – Tuismitheoir/Páiste, ba chóir an cheist a ardú leis an bPríomhoide más féidir, nó a chur faoi bhráid Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta.

Míshástacht Tuismitheoirí/Caomhnóirí leis an Phróiseas

- Sa chás nach bhfuil tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) sásta gur dhéileáil an scoil le cás bulaíochta de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach sa pholasaí seo agus ina aguisíní, ní mór don tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) tagairt a dhéanamh do nósanna imeachta gearán na scoile.

- Sa chás go bhfuil nósanna imeachta gearán na scoile ídithe ag tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) agus nach bhfuil siad sásta go fóill, ní mór don scoil a gceart a chur in iúl don tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) maidir leis an gceart atá acu gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Leanaí.

Nascanna le Polasaithe Scoile

Ritheann an Polasaí Frith – Thromaíochta seo i gcomhpháirt le polasaithe scoile eile, na polasaithe a leanas san áireamh:

- An Cód Smachta
- Ráitéas um Chumhdach Páistí & Measúnú Priacail 2018
- Polasaí Inghlactha um Úsáid Idirlín
- Slandáil agus Sabháilteacht
- Polasaí Iontrála
- Polasaí um Úsáid Fón Póca

Tá an polasaí seo curtha ar fáil do phearsanra na scoile, foilseofar é ar shuíomh idirlín na scoile agus cuirfear é ar fáil do Chumann na dTuismitheoirí. Cuirfear cóip den pholasaí seo ar fáil don Roinn agus don phátrún má iarrtar é.

Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an bpolasaí seo agus ar a chur i bhfeidhm uair amháin i ngach scoilbhliain. Cuirfear fógra scríofa go bhfuil an t-athbhreithniú críochnaithe ar fáil do phearsanra na scoile, foilseofar é ar shuíomh Gréasáin na scoile (nó beidh sé inrochtana go héasca ag iarratas tuismitheoirí) agus cuirfear ar fáil do Chumann na dTuismitheoirí é. Cuirfear taifead den athbhreithniú agus a thoradh ar fáil, má iarrtar é, don phátrún agus don Roinn.

Sínithe: Colm Ó Tuathaláin
(Cathaoirleach)

Sínithe: Pól Mac Daibhéid
(Príomhoide)

Dáta: 31 Eanáir 2024

Dáta: 31 Eanáir 2024

Aguisín 1: Samplaí d'iompair bhulaíochta

Iompraíochtaí a bhaineann le gach saghas Tromaíocht	➢ Ciapadh bunaithe ar cheann ar bith de na naoi bhforas sa reachtaíocht comhionannais e.g. ciapadh gnéasach, tromaíocht homafóbach, bulaíocht chiníocht, etc. ➢ Forrántacht fhisiciúil ➢ Damáiste do mhaoin ➢ Leasainmneacha a ghlaoch ➢ Cleithmhagadh ➢ Pictiúir, focail i scríbhinn, nó ábhar eile a tháirgeadh, a thaispeáint nó a scaipeadh atá dírithe ar dhuine eile a imeaglú ➢ Graifítí maslach ➢ Sracadh (extortion) ➢ Imeaglú ➢ Gothaí maslaitheacha nó gáirsiúla ➢ 'Amharc' faoi leith ➢ Cur isteach ar spás pearsanta ➢ Meascán de na cinn a luaitear.
Cibearthromaíocht	➢ Tromaíocht: Ráflaí, bréaga nó biadán a scaipeadh chun dochar a dhéanamh do cháil duine eile ➢ Ciapadh: Teachtaireachtaí oilc, suaracha nó gáirsiúla a sheoladh chuig duine go leanúnach ➢ Pearsanú: Teachtaireachtaí maslaitheacha nó forrántacha a phóstáil faoi ainm duine eile ➢ Gríosadh: Úsáid a bhaint as focail gháirsiúla nó ghríosaitheacha chun troid ar líne a spreagadh ➢ Cleasaíocht: Dallamullóg a chur ar dhuine eolas pearsanta a roinnt agus an t-eolas sin a úsáid ar líne ina dhiaidh sin ➢ Sceitheadh: Eolas nó íomhánna rúnda a phostáil nó a roinnt ➢ Leithcheal: Leithcheal a dhéanamh ar dhuine ó ghrúpa ar líne d'aon ghnó ➢ Cibear-stalcaireacht: Ciapadh agus tromaíocht leanúnach a fhágann go mbíonn eagla a b(h)eatha/a s(h)ábháilteachta ar duine ➢ Glao tostach gutháin/gutháin phóca ➢ Glao maslach gutháin/gutháin phóca ➢ Teachtaireacht téacs mhaslach ➢ Teachtaireacht ríomhphoist mhaslach ➢ Cumarsáid mhaslach ar líonraí sóisialta e.g. Facebook/Ask.fm/ Twitter/You Tube nó ar chonsóil chluichí ➢ Ráitis/Blaganna/Pictiúir mhaslacha idirlín ➢ Postálacha maslacha ar cineál ar bith teicneolaíochta cumarsáide
Iompraíochtaí bunaithe ar Aitheantas Lena n-áirítear aon cheann de na naoi bhforas idirdhealúcháin a luaitear sa Reachtaíocht um Chomhionannas (inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus toisc gur den Lucht Taistil iad).	

Homafóbach agus Trasinscne	➢ Ráflaí a scaipeadh faoi chlaonadh gnéasach duine ➢ Tathant ar dhuine a bhfuil claonadh gnéasach difriúil aige/aici ➢ Leasainmneacha a ghlaoch, e.g. aerach, casta, lúbtha, a úsáidtear chun caitheamh anuas ar dhuine ➢ Imeaglú fisiciúil nó ionsaí ➢ Bagairtí
Cine, náisiúntacht, cúlra eitneach agus	➢ Idirdhealú, réamhchlaonadh, ráitis nó maslaí a bhaineann le ➢ cine, náisiúntacht, cultúr, aicme shóisialta, creideamh, cúlra, eitneach nó an Lucht Taistil
ballraíocht de phobal an Lucht Taistil	➢ Leithcheal de bhun aon cheann acu seo thuas
Caidreamhach	➢ Is éard atá i gceist anseo caidrimh a mhí-ionramháil mar bhealach chun bulaíocht a dhéanamh. Ar na hiompraíochtaí tá: ➢ Biadán maslach ➢ Leithcheal agus aonrú ➢ Neamhaird ➢ Leithcheal ó ghrúpa ➢ Cairde a bhaint de dhuine ➢ 'Bitseáil' ➢ Ráflaí a scaipeadh ➢ Rún a sceitheadh ➢ Caint sách ard le go gcloisfeadh an t-íobartach í ➢ 'Amharc' faoi Leith ➢ Téarmaíocht cosúil le ‘nerd’ a úsáid le cur isteach ar dhuine.
Gnéasach	➢ Ráitis nó tadhall gnéasach mífhóirsteanach nó gan choinne ➢ Ciapadh
Riachtanais Speisialta Oideachais, Míchumas	➢ Leasainmneacha a ghlaoch ➢ Cathú a chur ar dhaoine eile mar gheall ar a míchumas nó riachtanais foghlama ➢ Teacht i dtír ar leochaileachtaí daltaí eile agus ar a gcumas teoranta bulaíocht a aithint agus iad féin a chosaint ➢ Teacht i dtír ar leochaileachtaí daltaí eile agus ar a gcumas teoranta cúinsí sóisialta agus leideanna sóisialta a aithint agus iad féin a chosaint. ➢ Athris a dhéanamh ar mhíchumas duine eile ➢ Ceap magaidh a dhéanamh de dhaoine eile

Aguisín 2: Nós Imeachta

Nuair a fhaigheann dalta, ball foirne nó tuismitheoir faisnéis faoi iompar bulaíochta, lean ar aghaidh leis na nithe seo a leanas;

1. Chomh luath agus is féidir tar éis an nochtadh a fháil comhlánaigh foirm Tuairisce Eisceachtúla nó Cruinnithe ag baint úsáide as na focail chruinne a d'úsáid an dalta, ball foirne agus an tuismitheoir le cur síos ar ar tharla.
2. Seiceáil taifid do ranga le haghaidh teagmhais roimhe seo a bhain leis na páistí ainmnithe nó fianaise ar an iompar seo.
3. Seiceáil taifid an chlóis le haghaidh teagmhais roimhe seo a bhain leis na leanaí ainmnithe nó fianaise ar an iompar seo.
4. Labhair leis an bpríomhoide le fáil amach an bhfuil aon tuairiscí teagmhais a bhaineann leis na leanaí ainmnithe ag fáil dóibh.

• Agus anailís á déanamh ar eachtraí iompraíochta bulaíochta, lorgóidh an múinteoir cuí freagraí ar cheisteanna faoi cad, cá háit, cathain agus cé. Ní úsáidtear an cheist 'cén fáth' mar go gcuireann sin in iúl go bhfuil cúiseanna áirithe inghlactha. Ba chóir é seo a dhéanamh ar bhealach socair, ag tabhairt eiseamláir chun déileáil go héifeachtach le coinbhleacht ar bhealach neamhionsaitheach;
• Má bhíonn grúpa i gceist cuirfear gach ball faoi agallamh ina aonar ar dtús. Ina dhiaidh sin, ba chóir bualadh le gach duine atá páirteach mar ghrúpa. Ag an gcruinniú grúpa, iarrfar ar gach ball cuntas a thabhairt ar an méid a tharla lena chinntiú go bhfuil gach duine sa ghrúpa soiléir faoi ráitis a chéile;
• Ní mór do thuismitheoir(í)/caomhnóir(í) agus daltaí comhoibriú le haon fhiosrúchán agus cuidiú leis an scoil aon cheisteanna a réiteach agus, chomh fada agus is indéanta, caidreamh na bpáirtithe lena mbaineann a athbhunú chomh tapa agus is féidir;
• Nuair is féidir, déanfar teagmhais a fhiosrú lasmuigh den seomra ranga chun príobháideacht gach duine a bhfuil baint acu leis a chinntiú;
• Déanfar gach agallamh le híogaireacht agus aird chuí á tabhairt ar chearta na ndaltaí uile.
• Nuair is cuí nó cabhrach d'fhéadfaí iarraidh ar na daoine atá i gceist a gcuntas ar an eachtra/na heachtraí a scríobh síos.
• Ba chóir do gach ball foirne cuntas scríofa a choinneáil ar gach eachtra a fheiceann siad nó a tuairiscíodh dóibh. Ba chóir gach eachtra a thuairisciú don Mhúinteoir Ábhartha.
• Déanfaidh an múinteoir ábhartha gach tuairisc bulaíochta a thaifeadadh agus úsáid á baint as an teimpléad scoile (Aguisín 2) chun teagmhais bhulaíochta a thaifeadadh.
• Ba chóir gach eachtra bulaíochta atá á fhiosrú a thuairisciú don Phríomhoide.
• I gcásanna ina bhfuil sé socraithe ag an múinteoir ábhartha gur tharla iompar bulaíochta, ba chóir dul i dteagmháil go luath le tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) an linbh a bhfuil an bhulaíocht á déanamh air/uirthi chun iad a chur ar an eolas faoin ábhar agus chun na gníomhartha a mhíniú. á thógáil.
• Má chinneann an múinteoir, tar éis imscrúdú críochnúil, nár tharla an bhulaíocht, cuirfidh sé/sí an cheist faoi bhráid an Phríomhoide agus na Foirne Bainistíochta Sinsearaí (SMT) chun an dara tuairim a fháil.
• Déanfaidh an SMT cinneadh ar tharla nó nár tharla bulaíocht. Déanfar an cinneadh a thaifeadadh agus a chur in iúl do na tuismitheoirí lena mbaineann.
• Coinneofar taifid de réir pholasaí cosanta sonraí na scoile

Straitéisí idirghabhála

• Agallaimh múinteoirí leis na daltaí go léir
• Comhaontuithe a idirbheartú idir daltaí agus leanúint leo seo trí mhonatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn. Is féidir é seo a dhéanamh ar bhonn neamhfhoirmiúil nó a chur i bhfeidhm trí phróiseas idirghabhála níos struchtúrtha.
• Oibriú le tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) chun tacú le hidirghabhálacha scoile
• Cur Chuige Gan Milleán
• Am Ciorcail
• Agallaimh aisiríocha
• Comhdháil aisiríoch
• Iarraidh ar dhaltaí ceistneoirí socheagraim a chomhlánú

AGUISÍN 3: TEIMPLÉAD DO THAIFEAD NEAMHFHOIRMEÁLTA

TUAIRISC AR BHULAÍOCHT LÍOMHNAITHE

Ainm an dalta (atá ag fulaingt):	**Rang:**
Ainm(neacha) a luaitear leis an mí-iompar:	**Rang:**
Múinteoir Ranga:	
Duine atá ag tuairisciú:	**Dáta:**
Cur síos gearr ar an iompar agus a thionchar	
Gnímh tógtha	
Sínithe:	**Dáta:**

AGUISÍN 4: TEIMPLÉAD DO THAIFEAD FOIRMEÁLTA

Ainm an dalta (atá ag fulaingt):	Rang:
Ainm(neacha) a luaitear leis an mí-iompar:	Rang:
Múinteoir Ranga:	
Duine atá ag tuairisciú:	Dáta:

Cúis buartha léirithe ag		**Láthair na nEachtraí**	
An dalta féin		Clós na scoile	
Dalta(í) eile		Seomra ranga	
Tuismitheoir		Pasáistí na scoile	
Múinteoir		Leithris	
Eile		Eile	
Cineál bulaíochta			
Ionsaitheacht fhisiciúil *Physical Agression*		Cíbear-bhulaíocht *Cyber-bullying*	
Dochar do Mhaoin *Damage to property*		Imeaglú *Intimidation*	
Aonrú/Eisiamh *Isolation/Exclusion*		Cúlchaint mhailíseach *Malicious gossip*	
Glaoch ainmneacha *Name calling*		Eile *Tabhair sonraí*	
I gcás bulaíocht bunaithe ar aitheantas, léirigh cúis na bulaíochta			
Bulaíocht homafóbac *Homophobic bullying*		Bulaíocht de bharr riachtanais speisialta *Disability or SEN based*	
Bulaíocht Chiníoch *Racist bullying*		Ballraíocht den Lucht Siúil *Membership of Travelling Community*	
Eile *Tabhair sonraí*			

Cur síos gearr ar an iompar agus a thionchar	
Gnímh tógtha	
Nótaí maidir le réiteach	
Sínithe:	**Dáta:**